


## An Zú



Chuaigh na páistí go dtí an Zú. Bhí an máistir in éineacht leo. Cheannaigh an máistir na ticéid ag an ngeata. Isteach leo. Chonaic Tomás moncaí istigh i gcás. Bhí sé ag ithe banana. Bhí an leon i gcás eile agus é ag siúl suas síos. Bhí eagla ar Íde nuair a chonaic sí an nathair. Fuair Nóra marcaíocht ar an eilifint. Bhí ionadh ar Íde nuair a chonaic sí an sioraf. Bhí sé an-ard. Chonaic Nóra gabhar agus mionnán i gclós.

Foclóir:	ionadh, wonder
cás, cage	sioraf, giraffe
nathair, snake	gabhar, goat
marcaíocht, ride	mionnán, kid

### A. Lion isteach na bearnaí:

mái—t—r, na tic— —d, mon—ái, l—on, na—hair, mar—áíocht, ei—if—nt.

### B. Lion isteach na bearnaí:

1. Bhí an — in éineacht —.
2. Chonaic Tomás — istigh i gcás.
3. Bhí eagla ar — nuair a — sí an nathair.
4. Chonaic Nóra — agus — i gclós.

### C. Scríobh amach an freagra ceart:

1. Cad a cheannaigh an máistir ag an ngeata?  
— moncaí.  
— banana.  
— na ticéid.

2. Cá raibh an moncaí?  
— sa chlós.  
— istigh i gcás.  
— sa charr.
3. Cén fáth a raibh eagla ar Íde?  
— mar d'ith sí banana.  
— mar chonaic sí an nathair.  
— mar chonaic sí gabhar agus mionnán.

### D. Freagair na ceisteanna:

1. Cé a chuaigh go dtí an Zú?
2. Cé a bhí in éineacht leo?
3. Cad a bhí á dhéanamh ag an moncaí?
4. Cé a bhí ag siúl suas síos i gcás?
5. Cé a fuair marcaíocht ar an eilifint?
6. Cén fáth a raibh ionadh ar Íde?
7. Cá raibh an gabhar agus an mionnán?

## Gramadach 24

### (i) Cuir isteach síos nó suas:

**Sampla:** Chuaigh Seán suas ar an mballa.

1. Léim an cat — ar an gcrann.
2. Bhí mé thuas staighre. Chuaigh mé — go dtí an chistin.
3. Chuaigh Íde — ar an gcapall.
4. Bhí Tomás ar bharr an chnoic. Rith sé — go bun an chnoic.

(ii) Foghlaim:	Léifimid	Nífidimid	Déanfaimid
	Léifidh sibh	Nífidh sibh	Déanfaidh sibh
	Léifidh siad	Nífidh siad	Déanfaidh siad

### Líon isteach na bearnaí:

**Sampla:** Oslóimid an leabhar agus léifimid leathanach.

1. Oslóidh siad an leabhar agus — leathanach.
2. Tógfaimid amach na leabhair agus — ár gceachtanna.
3. Tógfaidh sibh amach na leabhair agus — bhur gceachtanna.
4. Nuair a bheidh an dinnéar ite ag Liam agus Tomás — na gréithe.
5. Nuair a bheidh an dinnéar ite againn — na gréithe.